

An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Cigireacht Ábhair ar: Gaeilge
TUAIRISC**

**Holy Faith Secondary School
Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath 3
Uimhir Rolla: 60750J**

Dáta na cigireachta: 13 Meán Fómhair 2011



**AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAELGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN G-CIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	12 & 13 Meán Fómhair 2011
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu <ul style="list-style-type: none">• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí• Caidreamh le scoláirí	<ul style="list-style-type: none">• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith sé thréimhse ranga• Athbhreithniú ar obair na scoláirí• Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí cáilíocht an teagaisc san ábhar dearfach, agus chuimsigh na ceachtanna a breathnaíodh ar cháilíocht sa teagasc. Bhain cuspóir leis an teagasc, rud a chuaigh chun fónaimh na foghlama.
- Bhí na scoláirí spreagtha chun foghlama astu féin agus bhí atmaisféar tacúil don fhoghlaim i réim sna ceachtanna.
- Cuirtear ionchais arda roimh na scoláirí sa Ghaeilge agus tugann riar an-ard díobh faoin ardleibhéal. Tá treochtaí dearfacha ardghnóthachtála le léamh ar na scrúduithe teistiméireachta.
- Tá leibhéal an-ard tacaíochta ar fáil ó thaobh soláthar an ábhair don Ghaeilge.
- Tá an fheasacht chultúrtha á cur chun cinn lasmuigh den seomra ranga ag imeachtaí ar nós chuairt na hIdirbhliana ar an nGaeltacht.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Ba chóir aird a dhíriú ar an difreáil sa teagasc ar mhaithe le dúshlán cuí a chur roimh na foghlaimeoirí is inniúla sa rang. Ba chóir, mar ghnáthnós, neamhspleáchas a chothú san fhoghlaimeoir mar bhunaidhm an teagaisc agus na foghlama.
- Moltar na féidearachtaí a iniúchadh go fabhrach chun deis a chur ar fáil do na scoláirí cur isteach ar an mbéalscrúdú roghnach i scrúdú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh.
- Ba chóir na pleananna oibre a athbhreithniú ar mhaithe le spriocanna foghlama céimnithe a shainiú go soiléir ó bhliain go bliain, go háirithe i gcás an obair bhéil.

RÉAMHRÁ

Meánscoil Chaitliceach dheonach do chailíní is ea Meánscoil an Chreidimh Naofa, Cluain Tarbh. Tá seasamh láidir ag an nGaeilge ar chláir na scoile, mar atá an Teastas Sóisearach, an Idirbhliain atá mar chláir éigeantach, an Ardteistiméireacht bhunaithe agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta. Seisear múinteoirí Gaeilge atá ar an bhfoireann agus tá 634 scoláire cláraithe don scoilbhliain reatha 2011/12.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí cáilíocht an teagaisc dearfach den chuid ba mhó agus bhí ardcháilíocht i gceist chomh maith. Bhain cuspóir leis an teagasc, rud a chuaigh chun leasa na foghlama. B'fhiú do na múinteoirí cleachtas a chéile a bhreithniú ar mhaithe le dálaí feabhsúcháin sa seomra ranga a aithint.
- Sna ceachtanna ab fhearr bhí an obair in oiriúint go maith do riachtanais na scoláirí sa rang. I líon beag cásanna níor mhór an méid sin a chur san áireamh níos mó toisc na ceachtanna sin a bheith ró-dhúshlánach, agus gan dóthain dúshlán, ar a seal.
- Tá seasamh láidir ag an nGaeilge sa scoil. Cuirtear ardionchais roimh na scoláirí agus tá riar ard díobh ag déanamh staidéir ar an ardleibhéal. Tá treochtaí dearfacha le léamh maidir le hardghnóthachtáil san ábhar sna scrúduithe teistiméireachta.
- Bhí an sprioctheanga in uachtar sna ceachtanna ar fad agus bhí sé d'acmhainn ag an gcuid ba mhó ar fad de na múinteoirí na scoláirí a mhealladh chun rannpháirtíochta sna ceachtanna. Dá chomhartha sin bhí na straitéisí ceistiúcháin go maith i mórán cásanna.
- Ba chóir na torthaí foghlama a bhaineann le ceacht a chur in iúl go soiléir i dtús ama, a mheabhru de réir mar is gá, agus a athbhreithniú i ndeireadh an cheachta. Ba chóir ábhar an cheachta agus na torthaí foghlama a shainiú.
- Bhí bainistiú na gceachtanna go maith don chuid ba mhó agus ar fheabhas i gcás ranga ar leith sa tsraith shinsearach. Sa chás seo rinneadh cúram maith de na scileanna teanga ar fad a bhuíochas ar dhea-bhainistiú an ama ar mhíreanna éagsúla an cheachta.
- Achar chun forbartha is ea an difreáil sa teagasc ar mhaithe le dúshlán cuí a chur roimh na foghlaimoirí is inniúla. Theastaigh tuilleadh éagsúlachta ar na dúshlán a cuireadh roimh na scoláirí chuige seo.
- Bhí aird chuí ar an bhfeasacht teanga sna ceachtanna. Ar aon dul leis seo ba chóir go mbeadh saibhriú foclóra ar cheann de spriocanna foghlama gach ceachta. Ba mhaith an nós chuige sin foclóir saibhir nua a bhreacadh in áit ar leith ar an gclár bán agus go mbreacfaidh na scoláirí síos é mar ghnáthnós.
- Bhí atmaisféar maith foghlama in uachtar sna ceachtanna ar fad agus bhí na scoláirí dícheallach, dea-bhéasach agus comhoibrítheach tríd síos. Ba chóir an deis a thapú le foghlaim chomhoibrítheach a chur chun cinn níos mó sna ceachtanna de rogha ar an múinteoir amháin a bheith ag dáileadh an eolais.
- Moltar do na múinteoirí mír de cheacht a chur ar leataobh go rialta chun plé a dhéanamh ar imeachtaí na linne cothrom le réimse spéise na scoláirí. Sa chleachtadh a rinneadh leis na scoláirí ar labhairt na teanga mar shampla, bhí an chaint sin teoranta do cheisteanna bunúsacha fúthu féin agus faoina ngarthimpeallacht fiú ag an leibhéal ranga ba shinsearaí dá bhfacthas. Ní fhachthas aon phlé á dhéanamh leis na scoláirí mar ghnáthnós ar mhórscéalta an lae cé go raibh neart ábhar spéisiúil do na scoláirí ar na meáin tráth na

cigireachta. Ba mhaith an rud plé a chothú leo ar chúrsaí reatha gan nótaí réamhcheaptha a chur ar fáil ar dtús, ar mhaithe leis an smaointeoireacht neamhspleách a chur chun cinn mar bhunaidhm an teagaisc agus na foghlama.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá leibhéal an-ard tacaíochta á cur ar fáil ag bainistíocht na scoile ó thaobh soláthar an ábhair. Dá chomhartha sin an soláthar fial ama agus na socrúithe comhuaineacha atá le fáil go fairsing ar an tráthchlár.
- Tacaíonn an scoil le forbairt ghairmiúil na múinteoirí agus tugadh faomhadh do na múinteoirí ar fad le freastal ar chlár na Seirbhíse Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge le dhá bhliain anuas.
- Tá an soláthar acmhainní, lena n-áirítear acmhainní teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) mar aon le tacaíocht chomhchuraclaim agus seach-churaclaim go maith. Léiríú maith air sin is ea an chuairt ar an nGaeltacht atá ar chlár na hIdirbhliana.
- Cuireann leibhéal ard an tsoláthair seo le hiarrachtaí roinn na Gaeilge chun ionchais ardhnóthachtála a cheangal leis an ábhar.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN.

- Glacann múinteoirí aonair freagracht as pleananna oibre do bhlianta ar leith a athbhreithniú agus a dhréachú i dtús na scoilbhliana. B'fhearr an obair seo a dhéanamh i gcomhar le chéile agus a bheith iomlán réidh roimh thús na scoilbhliana.
- Ba chóir na pleananna oibre a athbhreithniú. Tá na cinn reatha ábharbhunaithe ró-mhór seachas a bheith leagtha amach i dtéarmaí torthaí foghlama. Ba chóir difreáil a shonrú ar na dúshláin a chuirtear roimh scoláirí ó bhliain go chéile. Réimse forbartha ar leith is ea na dúshláin theoranta atá cláraithe don obair bhéil sna pleananna reatha.
- Tá measúnú ar inniúlacht na scoláirí i labhairt na teanga á fhorbairt de réir a chéile, mar is ceart. Tá riar na marcanna atá á bhronnadh i leith scil riachtanach seo na teanga éagothrom ó bhliain go chéile faoi láthair áfach.
- Moltar do roinn na Gaeilge díriú san obair chomhphleanála ar an deis a chur ar fáil do na scoláirí chun cur isteach ar an mbéalscrúdú roghnach i scrúdú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh.
- Ba chóir cur chuige comónta a aontú go luath agus tuairiscí níos mine a dhéanamh le tuismitheoirí ar cháilíocht na teanga labhartha ag na scoláirí.
- Bhí taifead maith ag na múinteoirí ar an tinreamh, ar a gclár oibre, agus ar ghnóthachtálacha a gcuid scoláirí.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus le múinteoirí an ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Foilsíodh: Márta 2012

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

The Board wishes to commend the members of the Irish department on the very positive report on the teaching and learning of Irish in the school. The Board extends its thanks to the inspector for the courtesy shown to all members of the school community.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Subject department meetings will review the teaching and learning of Irish in the school as planned and will include consideration of the report's main recommendations. The Board will continue to support and promote the teaching and learning of Irish throughout the school and will assist in the implementation of the report's recommendations.